

Saothair ealaíne agus ealaíontóirí le feiceáil in *This is Ireland*. Grafaic le Emma Dwyer

**Cuireann Stiúideonna Tacaíochta Crawford agus Comhairle Contae Chorcaí *This is Ireland* i láthair**

Beidh saothair 16 ealaíontóir faoi mhíchumas le feiceáil sa taispeántas

Cuireann Stiúideonna Tacaíochta Crawford agus Gailearaí LHQ Chomhairle Contae Chorcaí *This is Ireland* i láthair, taispeántas beo bríomhar d'ealaíontóirí a oibríonn laistigh de shuíomhanna stiúideo tacaíochta. Beidh saothair 16 ealaíontóir faoi mhíchumas le feiceáil sa taispeántas idir an Aoine, 6 Márta agus an Aoine, 24 Aibreán 2026 agus tugtar léargas cumasach ann a thugann dúshlán do steiréitíopaí.

Fiosraíonn *This is Ireland* an chaoi a múnlaítear féiniúlacht trí scéalaíocht, trí chultúr móréilimh, trí thírdhreach áitiúil agus trí dheasghnátha comhroinnte. I measc na léirithe ar chultúr na hÉireann, tá baill de Kneecap ag baint taitnimh as pionta, beirt chleamairí ag caitheamh cinn-bhuí agus radhairc sráide aitheanta a léiríonn snáitheanna ceangail agus muintearais. Tugann an taispeántas seo

dearcthaí úra ar a sainmhíníonn cultúr na hÉireann agus léiríonn an saothar ealaíne cur chuige úr i leith ábhar agus teicníc a bhaineann an bonn de na barúlacha éasca a dhéantar faoi ealaíontóirí faoi mhíchumas.

Ar na healaíontóirí sa taispeántas beidh Íde Ní Shúilleabháin a raibh saothair léi ar taispeáint i gCill Chainnigh, in Columbia agus i Nua-Eabhrac, Yvonne Condon a raibh saothair léi ar taispeáint  i mBarra an Teampaill, agus Tom O'Sullivan a thug leis an Duais-sparánacht Infheictheachta tionscnaimh ó Chomhairle Cathrach Chorcaí agus an Chomhairle Ealaíon, mar aon le Judit Bakos, Ailbhe Barrett, Angela Burchill, David Connolly, Bríd Heffernan, Eoin O'Brion, John Keating, Mary Rose Marshall, Rosaleen Moore, Nicola Moran, Stephen Murray, Marie Sexton, agus Katie Whelan. Tá a gcleachtas forbartha ag gach aon duine acu trí Stiúideonna Tacaithe Crawford a sholáthraíonn spás ealaíne cruthaitheach marthanach trí thacaíocht theicniúil, ealaíonta, rochtain agus líonraí.

Bhí an méid seo le rá ag Méara Chontae Chorcaí, an Comhairleoir Mary Linehan Foley agus í ag fógairt an taispeántais, "Tá ríméad orainn an taispeántas seo a chur i láthair i spás taispeántais tiomnaithe Ghailearaí LHQ de chuid Chomhairle Contae Chorcaí. Aithnímid an tábhacht a bhaineann leis an obair a dhéanann Stiúideonna Tacaíochta Crawford do na healaíontóirí seo agus déanaimid ceiliúradh ar an deis seo a gcuid saothar a chur i láthair lucht féachana nua. Cuireann *This is Ireland* saothair spraíúil, neamhleithscéalach agus chróga i láthair agus molaimid do chách iad a fheiceáil."

Beidh *This is Ireland* ar oscailt ón Aoine, 6 Márta agus beidh sé ar taispeántas go dtí an Aoine, 24 Aibreán i nGailearaí LHQ. Beidh fáiltiú oscailte ar siúl Dé hAoine, an 6 Márta ag 1pm, agus tá fáilte roimh chách. Beidh clár imeachtaí mar chuid den Fhéile Foghlama ar Feadh an tSaoil i gcomhar leis an taispeántas seo (tuilleadh eolais thíos). Bíonn LHQ Gailearaí ar oscailt ó Luan go hAoine 9am-5.30pm, seachas laethanta saoire poiblí.

Is é Gailearaí LHQ a bhainistíonn Seirbhís Leabharlainne agus Ealaíon Chomhairle Contae Chorcaí, a fhaigheann tacaíocht ón gComhairle Ealaíon. Tá Stiúideonna

Tacaíochta Crawford fréamhaithe le tionscadal comhpháirtíochta idir Coláiste Ealaíne is Deartha MTU Crawford agus Gailearaí Ealaíne Crawford, le tacaíocht leanúnach ó Oifig Ealaíne Chomhairle Cathrach Chorcaí.

CRAWFORD SUPPORTED STUDIOS

Comhairle Contae Chorcaí
Cork County Council

**CRÍOCH**

**Nótaí don Eagarthóir:**

www.crawfordartgallery.ie

Dyane Hanrahan, Bainisteoir Margaíochta & Cumarsáide
R: dyanehanrahan@crawfordartgallery.ie
T +353 (0) 21 4907856 M +353 (0) 86 8278151

Sorcha O'Brien, Feidhmeannach Margaíochta & Cumarsáide
R: marketing@crawfordartgallery.ie
T +353 (0) 21 4907856

**Chun breis íomhánna a fháil, cliceáil anseo le do thoil**

**Imeachtaí don Taispeántas:**
Mar chuid d'Fhéile Foghlama ar Feadh an tSaoil Chorcaí beidh an deis ann Bualadh le hEalaíontóirí Stiúideonna Tacaíochta Crawford.

**Dé Céadaoin, 22 Aibreán**
11am – 12.30pm
Gailearaí LHQ, Foirgneamh Leabharlainne, Bóthar Charraig Ruacháin, T12 K335
Buail leis an ealaíontóir Rosaleen Moore, a thabharfaidh breac-chuntas ar a cur chuige pailise cuimhne i leith na líníochta, chun cuireadh a thabhairt do rannpháirtithe áit speisialta a tharraingt ó chuimhne nó ó ghrianghraf.
Oiriúnach do dhaoine idir óg agus aosta.

**Déardaoin 23 Aibreán**
11am – 1pm
Coláiste Ealaíne is Deartha MTU Crawford, 46 Campas Shráid an Chapaill Bhuí, Cathair Chorcaí, T12 VN56
Buail le baill Stiúideonna Tacaíochta Crawford agus bí ar an eolas faoina stiúideo ealaíne. Déan iniúchadh ar rogha spreagúil de shaothar ealaíne úr ag ealaíontóirí faoi mhíchumas.
Ní gá áirithintí a dhéanamh.
Chun breis eolais a fháil faoi cheachtar den dá imeacht, déan teagmháil le: emmaklemencic@crawfordartgallery.ie



**Stiúideonna Tacaíochta Crawford**
Is spás ealaíne cruthaitheach marthanach é stiúideo tacaíochta a sholáthraíonn tacaíocht theicniúil, ealaíonta, rochtain, líonraí agus lucht féachana lasmuigh de shuíomhanna sláinte agus cúraim shóisialta.

Is tionscnamh uathúil é Stiúideonna Tacaíochta Crawford laistigh de chomhthéacs na hÉireann. Tá na stiúideonna fréamhaithe le tionscadal comhpháirtíochta fadtréimhseach idir Coláiste Ealaíne is Deartha MTU Crawford agus Gailearaí Ealaíne Crawford, le tacaíocht leanúnach ó Oifig Ealaíne Chomhairle Cathrach Chorcaí.

Is tionscadal oidhreachta é Stiúideonna Tacaíochta Crawford. Tá sé mar aidhm ag na stiúideonna an stiúideo iontach tacaíochta a bhunaigh an tEalaíontóir agus an Altra, Hermann Marbe, ag Ionad Cúraim Lae John Birmingham, Corcaigh, in 2009 a urramú agus a chothú.

Chun tuilleadh eolais a fháil, téigh chuig crawfordartgallery.ie

**Maidir le Ghailearaí Ealaíne Crawford**
Tá Gailearaí Ealaíne Crawford dúnta don phobal faoi láthair le haghaidh athfhorbartha mhóir; Claochlú Gailearaí Ealaíne Crawford.

Is institiúid chultúrtha náisiúnta é Gailearaí Ealaíne Crawford atá suite i bhfoirgneamh oidhreachta suntasach i gcroílár chathair Chorcaí, agus atá tiomnaithe do na hamharc-ealaíona, idir stairiúil agus chomhaimseartha. Agus é ag cur clár fuinniúil taispeántas sealadach ar fáil, tá bailiúchán náisiúnta tábhachtach faoina dhíon freisin a insíonn scéal spéisiúil Chorcaí agus na hÉireann le trí chéad bliain anuas.

Tógadh ar dtús i 1724 é mar Theach Custaim na cathrach agus tá Múnlaí cáiliúla Canova ar taispeáint sa Ghailearaí, a bronnadh ar Chorcaigh dhá chéad bliain ó shin. I measc bhailiúchán an ghailearaí, tá os cionn 3,500 saothar ó ealaíontóirí comhaimseartha na hÉireann agus idirnáisiúnta Isabel Nolan, Gerard Byrne, Joy Gerrard, Rula Halawani, Kathy Prendergast, Dorothy Cross, Sean Scully agus Nedko Solakov mar aon leis na saothair ó na healaíontóirí a bhfuil an-tóir orthu James Barry, Mainie Jellett, Daniel Maclise, Norah McGuinness, Harry Clarke, Seán Keating, John Lavery, Evie Hone, Patrick Scott, Mary Swanzy agus Jack B. Yeats.

**Maidir le Chlaochlú Ghailearaí Ealaíne Crawford**
Tá Gailearaí Ealaíne Crawford dúnta don phobal agus tá tionscadal athfhorbartha caipitil spreagúil ar bun aici faoi láthair: Gailearaí Ealaíne Crawford a chlaochlú.

Cuirfidh an infheistíocht, ar fiú na milliúin euro é, beagnach 50% breise le spás an ghailearaí, agus déanfaidh sé trí chéad bliain d'oidhreacht thógtha a chaomhnú agus a chosaint, agus cruthófar oidhreacht chultúrtha don ghlúin amach romhainn de réir mar a bheidh Corcaigh ag leanúint ag fás.

Is togra de chuid Thograí Rialtas na hÉireann 2040 é atá ag fáil maoiniú ón Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí (OPW).

Tá Ailtirí Grafton, a bhfuil gradaim bainte acu, tar éis obair a dhéanamh ar dhearadh athfhorbartha lena n-áirítear áis Foghlama agus Fiosraithe nua le rannpháirtíocht ghníomhach, stóráil shuntasach don Bhailiúchán Náisiúnta, bealach isteach nua, agus spás poiblí a bheidh feabhsaithe go mór lena n-áirítear caifé nua ar Shráid na Leathghealaí chomh maith le spásanna taispeántais breise. Beidh bealach isteach an fhoirgnimh curtha ar ais go Plás Emmet de réir leagan amach Theach an Chustaim a chuaigh siar go 1724. Cruthófar spás mór gailearaí nua, a chruthaíonn radharc do chuairteoirí chun féachaint ar shainchomharthaí i lár na cathrach lena n-áirítear Ardán San Anna, An Seandún agus Ardeaglais Naomh Fionnbarra.

Chun níos mó eolais rialta a fháil ar Chlaochlú Ghailearaí Ealaíne Crawford, is fearr clárú do nuachtlitir an ghailearaí ar www.crawfordartgallery.ie nó lean muid ar mheáin shóisialta an ghailearaí.